

HABACÚC

Comhrá idir an Tiarna agus an Fáidh

1 Oracal a fuair Habacúc, an fáidh, i bhfís.

An Chéad Chasaoid

² Cá fhad eile, a Thiarna, a bheidh mé ag glaoch ort
agus nach n-éistfidh tú liom
nó ag éamh “Foréigean!”
agus nach bhfuasclóidh tú sinn?

³ Cad chuige nach dtaispeánann tú dom
ach an urchóid amháin?
Cén fáth a mbíonn tú féin
ag breathnú ar an ansmacht ar nós cuma liom?
Déantar slad agus foréigean os mo chomhair
agus is minic a bhíonn achrann agus aighneas ann.



⁴ Sin é an fáth a ndéantar faillí sa dlí
 agus nach bhfeictear an chóir
 á déanamh choíche.
 Óir faigheann an drochdhuine
 an ceann is fearr ar an bhfíréan
 agus dá dheasca sin cuirtear an chóir as a riocht.

An Chéad Oracal

⁵ Féachaigí ar na náisiúin agus breathnaígí orthu,
 agus bíodh ionadh agus alltacht oraibh.
 Óir tá obair á déanamh le bhur linn
 nach gcreidfeadh sibh é dá n-inseofaí daoibh é.

⁶ Óir, féach, tá na Caildéigh á múscailt agam,
 an cine fíochmhar fraochmhar úd,
 a ghluaiseann thar chlár na talún
 chun seilbh a ghabháil ar áiteanna nach leo féin iad.

⁷ Cine uamhnach uafásach is ea iad
 a dtagann a ndlíthe agus a n-ardcheannas uathu féin amháin.

⁸ Tá a gcapaill níos mire ná liopaird;
 is fíochmhaire iad ná mic tíre na steipe.



Siúd ar aghaidh lena n-eachra ar cosa in airde;
is ó áit i bhfad ar shiúl a thagann siad,
ar nós iolair a thugann ruathar anuas
chun a chreach a alpadh.

⁹ Chun foréigean a dhéanamh
a thagann siad go léir;
tá dianteas a n-aghaidheanna mar an ghaoth anoir;
cruinníonn siad cimid le chéile mar ghaineamh.

¹⁰ Is cine iad a dhéanann fonóid faoi ríthe,
agus gáire faoi phrionsaí,
agus beag is fiú den uile dhún.
Carnann siad cré ina dtimpeall
agus gabhann siad seilbh orthu.

¹¹ Ach ansin athraíonn an ghaoth
agus titeann sí chun suaimhnis.
[Déanann sé siúd] dia beag dá neart féin.

An Dara Casaoid

¹² Nach bhfuil tú ann riamh anall, a Thiarna,
A Dhia liom, m' Aon Naofa,
nach bhfaigheann bás choíche?



Tá an pobal seo ceaptha agat ar son an chirt;
chuir tú ar bun é, a charraig,
chun díoltas a imirt.

¹³ Tá do shúile róghlan le bheith ag féachaint ar an olc;
ní féidir duit breathnú ar an ansmacht.

Cén fáth, mar sin, a ndearcann tú ar nós cuma liom ar lucht an fhill
agus a bhfanann tú i do thost nuair a alpann an drochdhuine
duine eile atá níos fíréanta ná é féin?

¹⁴ Caitheann tú leis an gcine daonna mar éisc na mara
nó mar phéisteanna gan mháistir.

¹⁵ Beireann an pobal seo ar chách le duán;
tarraingíonn siad isteach iad lena líon;
cruinníonn siad le chéile iad lena saighean;
ansin bíonn áthas agus lúcháir orthu.

¹⁶ Dá thoradh sin ofrálann siad íobairt dá líon,
agus dónn siad túis dá saighean;
mar, a bhuíochas orthu siúd,
bíonn saol na bhfuíoll acu agus flúirse bia.

¹⁷ An amhlaidh, mar sin, a leanfaidh siad orthu
ag folmhú a lín gan stad
agus ag marú na náisiún gan trua?



An Dara Oracal

2 Seasfaidh mé ar mo thúr faire;
 glacfaidh mé m'ionad ar mo rampar,
 agus beidh mé ar m'fhaichill ansin
 féachaint céard a déarfaidh sé liom,
 nó cén freagra a thabharfaidh sé ar mo chasaoid.

² Thug an Tiarna freagra orm ansin, á rá:

“Scríobh síos an fhís;
 déan í a ghreanadh ar leaca
 ionas go mbeidh sé furasta í a léamh.

³ Óir is le haghaidh a hionú féin amháin

a tugadh an fhís seo;
 tá sí ag tnúthán lena comhlíonadh
 agus ní dhéanfaidh sí bréag.

Go fiú má bhíonn sí mall ag teacht, fan léi;
 mar tiocfaidh sí i gcéim go cinnte;
 ní theipfidh uirthi choíche.

⁴ Féach, cloítear an té nach bhfuil croí ionraic aige;
 ach mairfidh an fírén de bharr a dhílse.”



Mallachtaí ar Lucht Ansmachta

Réamhrá

- ⁵ Go deimhin is go dearfa
is fealltach an ní é an [saibhreas].
Duine uaibhreach corrthónach is ea an té
a leathnaíonn a chraos amach mar a dhéanann Seól,
agus atá chomh doshásaithe leis an mBás,
an té a bhailíonn chuige féin na ciníocha uile
agus a thiomsaíonn na náisiúin go léir
ar mhaithe leis féin.
- ⁶ Nach ndéanfaidh na daoine seo go léir
aoir mar gheall air?
Nach gcumfaidh siad seanfhocal aithiseach:
Is é a déarfaidh siad:

Mairg in Aghaidh na Sainte

“Is mairg don fhear a charnann nithe
nach leis féin iad – cá fhad eile? –
agus a ualaíonn é féin le nithe a fuair sé mar bhannaí.”



- ⁷ Nach n-éireoidh do chreidiúnaithe go tobann?
Nach ndúiseoidh siad siúd a chuirfidh ar ballchrith thú?
Ansin creachfaidh siad thú.
- ⁸ De bhrí gur chreach tú mórán ciníocha
creachfaidh na náisiúin eile go léir thusa
mar gheall ar an bhfuil dhaonna a dhoirt tú
agus de dheasca an fhoréigin
a d'imir tú ar an tír, ar an gcathair
agus ar gach duine dá gcónaíonn inti.

In Aghaidh an Bhrabúis Éagóraigh

- ⁹ Is mairg don fhear a dhéanann brabach go héagórach ar son a theaglaigh féin,
chun a nead féin a shuíomh os ard
agus chun lámh an oilc a sheachaint.
- ¹⁰ Tá tú tar éis do theaghlach a náiriú;
nuair a bhasc tú mórán náisiún,
is é d'anam féin a chaill tú.
- ¹¹ Óir tá na clocha féin ag glaoch amach ón mballa
agus tugann na bíomáí freagra orthu
ón gcreatlach adhmaid.



In Aghaidh an Fhoréigin

- ¹² Is mairg don fhear a thógann baile le fuil
agus a bhunaíonn cathair le héigeart.
- ¹³ Nach é toil Dhia na Slua é
gur le haghaidh na tine a bhíonn na náisiúin ag tiaráil?
agus gur saothar in aisce é saothar na gciníocha.
- ¹⁴ Óir líonfar an tír le heolas ar ghlóir an Tiarna
mar a chlúdaíonn an t-uisce grinneall na mara.

In Aghaidh na Danar thachta

- ¹⁵ Is mairg don fhear a thugann deoch dá chomharsana,
agus a dhoirteann amach a chuid nimhe
nó go mbíonn siad ar meisce aige
le súil go bhfeicfeadh sé a nochtacht.
- ¹⁶ Tá tú líonta le náire in ionad na glóire.
Ól tú féin chomh maith agus nocht d'fhorchraiceann.
Tiocfaidh an cupán chugat ó dheasláimh an Tiarna
agus cuirfidh an náire scáil ar do ghlóir.
- ¹⁷ Mar basfar thú de dheasca na hainíde a thug tú ar an Liobáin
agus beidh díothú na n-ainmhithe ina ábhar scéine duit,



mar gheall ar an bhfuil dhaonna a dhoirt tú
 agus de dheasca an fhoréigin
 a d'imir tú ar an tír, ar an gcathair
 agus ar gach duine dá gcónaíonn inti.

In Aghaidh an Íoladhar tha

- ¹⁹ Is mairg don fhear a deir le smután adhmaid: “Múscail thú féin”;
 agus leis an gcloch bhalbh: “Éirigh.”
 An féidir le rud mar sin oracal a thabhairt uaidh?
 Féach, tá sé clúdaithe le hór agus le hairgead
 ach níl puth anála ann.
- ¹⁸ Cén tairbhe é íomhá ghreanta
 le go ndealbhódh a déantóir í chor ar bith?
 nó dealbh teilgthe, oracal bréagach,
 le go gcuirfeadh a déantóir a mhuinín inti
 agus gan ach dealbha balbha á ndéanamh aige?
- ²⁰ Ach tá an Tiarna ina theampall naofa;
 bíodh an domhan go léir ina thost ina láthair.



Caintic Habacúc

3 Guí Habacúc, an fáidh; de réir fhonn na gcaointe.

Réamhghuí

² Tá cloiste agam, a Thiarna, i dtaobh d'éachtaí;
 a Thiarna, cuireann do chuid oibre eagla orm.
 Déan arís í lenár linn féin; lenár linn féin
 nocht dúinn í athuair.
 D'ainneoin tú a bheith suaite le fearg
 cuimhnigh ar an trócaire a dhéanamh.

Nochtann an Tiarna ó Cheantar Shíonái

³ Tá Dia ag teacht as Téamán,
 agus an tAon Naofa ó Shliabh Phárán.
 Folaíonn a mhaorgacht na spéartha
 agus líontar an talamh dá ghlóir.
⁴ Is cosúil leis an solas a dhealramh;
 as a lámha bladhmán gathanna gealáin.
 Is ansin atá a chumhacht faoi cheilt.

Selah



- ⁵ Ar a aghaidh amach gabhann an phlá;
tá an fiabhras ag gluaiseacht lena shála.
- ⁶ Nuair a sheasann sé critheann an talamh.
Le leagan a shúl croitear na náisiúin.
Bogtar na sléibhte síoraí óna n-áit;
cromann na beanna bithbhuana síos,
a sheanbhealaí riamh anall.
- ⁷ Feicim bothanna Chúiseáin ar lár,
agus pailliúin Thír Mhidián ar crith.

An Nádúr ina Chíor Thuathail

- ⁸ An bhfuil tú i bhfeirg leis na haibhneacha, a Thiarna?
An in aghaidh na mara a lasann do chonfadh,
go dtagann tú ag marcaíocht ar do chapail,
nó ar scuaine de do charbaid chaithréimeacha?
- ⁹ Tógann tú do bhogha as a chumhdach:
cuireann tú saigheada lena shreang.

Selah

- Scoilteann tú an talamh le srutháin.
- ¹⁰ Nuair a fheiceann na sléibhte thú, creathnaíonn siad.
Scuabann na tuilte tréana ar aghaidh.



Ligeann an duibheagán búir;
ardaíonn sé a lámha chun neimhe.

- ¹¹ Fanann an ghrian agus an ghealach ina n-áitreabh
ó sholas do shaighead eitilte
agus ó loinnir do gathanna ruithnigh.

Bua an Tiarna ar a Naimhde

- ¹² Réabann tú tríd an domhan go fraochmhar;
satlaíonn tú ar na náisiúin le corp feirge.
- ¹³ Gabhann tú amach chun do phobal a shábháil,
chun d'ungthach féin a shlánú.
Tá barr theach an drochdhuine briste agat
agus a bhunsraith nochta go dtí an charraig.
- ¹⁴ Le do shaigheada pollann tú ceann a laochra,
a thagann dár scaipeadh [le gártha áthais,]
amhail is go raibh siad chun ainniseoir éigin
a dhíothú go danartha ina n-uachais.
- ¹⁵ Pasálann tú an mhuir le do chapail
trí bhorradh na n-uisce doimhne.

Selah



Urraim agus Dóchas

- ¹⁶ Tá cloiste agam; tá mo chroí corraithe;
critheann mo bheola leis an nglór;
leathnaíonn críonlobhadh trí mo chnámha
agus lúbann mo chosa fúm.
Fanaim go ciúin le lá na buartha
atá le breacadh ar lucht ár n-ionsaithe.
- ¹⁷ Óir ní thiocfaidh an crann figí i mbláth;
ní bheidh caor le fáil ar na fíniúna;
rachaidh de thoradh an chrainn olóige;
ní thabharfaidh na goirt aon bhia;
ní fhágfar caora sa chró
nó bó ar bith sa bhuaile.
- ¹⁸ Ach lúcháirfidh mise sa Tiarna,
déanfaidh mé gairdeas i nDia, mo Shlánaitheoir.
- ¹⁹ Is é an Tiarna Dia mo neart;
tugann sé dom luathchosa eilite;
cuireann sé mé ag céimniú
go daingean buach ar na harda.
Do stiúirthóir an chóir: ar ghléasanna téadacha.

